Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10963 – BMWK / SEFE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 452/10)

1. An 21 Samhain, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, arb é Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Gníomhaithe ar son na hAeráide na Gearmáine a ionadaí ("BMWK", an Ghearmáin),

— SEFE Securing Energy for Europe GmbH ("SEFE", an Ghearmáin).

Gheobhaidh BMWK rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SEFE ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin bearta caipitil as a n-eascraíonn fáil scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Níl aon ghníomhaíocht tráchtála ar bun ar na margaí fuinnimh ag BMWK faoi láthair. Mar chuid dá fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair, tá cúig shaoráid athghásaithe GNL á bhforbairt ag BMWK sa Ghearmáin, agus beidh an céad ceann oibríochtúil ón Nollaig 2022 ar aghaidh,

— Is soláthróir gáis nádúrtha é SEFE (ar a dtugtaí "Gazprom Germania GmbH"), agus is ar mhargadh na Gearmáine atá sé i láthair den chuid is mó. Ar phríomhréimsí gnó na cuideachta tá soláthar agus trádáil mórdhíola iartheachtach gáis nádúrtha agus GNL, chomh maith le hoibriú córas stórála gáis faoi thalamh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10963 – BMWK / SEFE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË